



## Beartas Measúnaithe

--	--

## Clár

1. Réamhrá
2. Tuairisciú
3. Measúnú
  - 3.1 Measúnú Cuimsitheach
  - 3.2 Measúnú chun Foghlama & Measúnú ar an bhFoghlaim
4. Cuspóirí an Mheasúnaithe
5. Treoirphrionsabail an Tuairiscithe
6. Foirmeacha Measúnaithe
  - 6.1. Measúnú Neamhfhoirmiúil
  - 6.2. Measúnú Foirmiúil
7. Tuairisceoirí Tuairiscithe do Chláir
8. Dualgas na Múinteoirí
9. Rialacha agus Treoirlínte do na Daltaí:
  - 9.1 Scrúduithe Inmheánacha
  - 9.2 Scrúduithe Stáit
10. Gluais Téarmaí

## **Gaelcholáiste Chomáin**

### **1. Réamhrá**

Is iad an teagasc, an measúnú, an fhoghlaim agus an tuairisciú na ceithre philéar a bhfuil sé mar aidhm acu cur le forbairt phearsanta agus oideachasúil ár gcuid daltaí i nGaelcholáiste Chomáin. Aithnímid mar scoil go gcaithfidh tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí comhpháirtíocht éifeachtach atá dírithe ar fhoghlaim a bheith acu lena chinntiú go mbainfear amach na torthaí is fearr is féidir dár ndaltaí.

### **2. Tuairisciú**

Tá sé mar aidhm leis an tuairisciú tacú le foghlaim agus measúnú leanúnach agus bheith mar bhonn futhú, agus a bheith inláimhsithe, inrochtana agus éifeachtach don scoil, don mhúinteoir, don dalta agus don tuismitheoir (Creat Sraithe Sóisearach, 2015).

### **3. Measúnú**

Is é cuspóir an mheasúnaithe cuidiú leis an dalta maidir le ‘cá háit le dul ina dhiaidh sin’ agus cuidiú leis an múinteoir tacú leis an bhfás sin. Is léargas é an measúnú sa chiall is leithne ar an áit a mbíonn dalta ag pointe áirithe ama.

Agus iad ag pleanáil le haghaidh measúnaithe agus tuairiscithe éifeachtach, úsáidfidh múinteoirí i nGaelcholáiste Chomáin an doiciméad ‘Ag Breathnú ar Ár Scoileanna 2016’ chun tacú lena gcleachtas sa seomra ranga. Treoróidh an doiciméad seo an múinteoir sna cleachtais phleanála, ullmhúcháin agus measúnaithe a chuireann foghlaim na ndaltaí chun cinn. Is iad sonraíochtaí ábhair, treoirlínte curaclaim agus treoirlínte measúnaithe na príomhdhoiciméid go léir a bhaineann le pleanáil do mheasúnú agus do thuairisciú.

#### **3.1 Measúnú Cuimsitheach**

Príomhghné den teagasc agus den fhoghlaim i scoileanna is ea cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha. Ba cheart go mbeadh cabhair, e.g. an tacaíocht a sholáthraíonn cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht ó theicneolaíochtaí cunta, ag teacht leis na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun tacú le foghlaim an dalta i gcaitheamh na bliana. Sa chás go bhfuil deacracht shonrach fhisiceach nó foghlama ag dalta, cuirfear socruithe réasúnta i bhfeidhm chun deireadh a chur, a mhéid agus is féidir, le tionchar an mhíchumais ar fheidhmíocht an dalta ina gcuid measúnuithe. Tá socruithe a chuireann ar chumas gach dalta rochtain a fháil ar fhoghlaim agus ar mheasúnú bunaithe ar shainriachtanais.

#### **3.2 Measúnú chun Foghlama & Measúnú ar an bhFoghlaim:**

Clúdaíonn ár mbeartas measúnú ar an bhfoghlaím (measúnú suimitheach) agus measúnú chun foghlama (measúnú foirmitheach). Is éard atá i gceist le measúnú ar an bhfoghlaím ná measúnú chun críocha cuntasachta, chun leibhéal feidhmíochta daltaí a chinneadh maidir le tasc ar leith nó nuair a chuirtear aonad teagaisc agus foghlama i gcrích. Úsáidfear an fhaisnéis a fhaightear ón gcineál measúnaithe sin agus tuairisciú á dhéanamh. Os a choinne sin, is próiseas leanúnach é measúnú chun foghlama a chomhcheanglaíonn grád le comhairle/aiseolas don dalta i dtreo tuilleadh feabhais. Tá an dá chineál measúnaithe fíorluachmhar agus úsáidfidh múinteoirí na scoile seo go cothrom iad.

#### **4. Cuspóirí an Mheasúnaithe**

- Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha ag dalta i réimse ar leith.
- Aiseolas a sholáthar do dhaltáí go tráthúil agus go cuiditheach.
- Aiseolas a chur ar fáil do mhúinteoirí ar an rath atá ar mhodheolaíochtaí teagasc ar leith sa phróiseas foghlama.
- Aibhsiú a dhéanamh ar dheacrachtaí agus easnaimh sa phróiseas foghlama d'fhonn straitéisí idirghabhála a fhorbairt.
- Daltáí a aithint a dteastaíonn gníomhaíochtaí sínte ar nós tacaíocht foghlama uathu.
- Scileanna an fhéinmheasúnaithe a spreagadh agus a mhéadú.
- Taifid ghnóthachtála a choinneáil lena gcuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas trí phróiseas tuairiscithe na scoile.
- Dul chun cinn na ndaltáí a thomhas le himeacht ama.
- Ionchais agus caighdeáin a ardú.
- Feidhmiú mar spreagadh do dhaltáí sa phróiseas foghlama.
- Cuidiú le fáil amach an bhfuil sé oiriúnach do dalta leanúint ar aghaidh ag staidéar in aon réimse ar leith.
- Deis a thabhairt don fhoireann pleanáil don Teagasc agus don Fhoghlaim, agus chun dul i mbun Féinmheastóireachta Scoile éifeachtaí.

#### **5. Treoirphrionsabail an tuairiscithe**

I nGaelcholáiste Chomáin, déanann tuairisciú éifeachtach na nithe seo a leanas:

- Idirchaidreamh barántúil le tuismitheoirí a spreagadh
- Deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí trí aiseolas chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama
- Meas a léiriú ar bhreitheanna gairmiúla múinteoirí
- Teanga na foghlama a úsáid chun aiseolas éifeachtach a chur ar fáil
- Tá sé inláimhsithe agus ní bhaineann sé ón bhfoghlaim ná ón teagasc
- Dul chun cinn na ndaltáí san fhoghlaim a chur in iúl go soiléir
- Faisnéis a sholáthar ar raon leathan de ghnóthachtáil
- Tuisicint a léiriú ar fhéinmheas agus ar fholláine ghinearálta na ndaltáí agus cur chuige uilechuimsitheach a ghlacadh. (NCCA, 2018)



## **6. Foirmeacha Measúnaithe**

### **6.1 Measúnú Neamhfhoirmiúil**

Is de chineál neamhfhoirmiúil na foirmeacha measúnaithe is coitianta a úsáidtear sa scoil, agus bíonn siad ar siúl go rialta sa seomra ranga. Tá na measúnuithe neamhfhoirmiúla seo faoi rogha na múinteoirí aonair a bhainfidh úsáid chuiditheach astu chun foghlaim a dhéanamh. Tá aiseolas tráthúil agus comhairle chuiditheach ríthábhachtach sa phróiseas seo. Nuair is cuí, coimeádfaidh múinteoirí taifid ar na measúnuithe seo chun léargas a thabhairt ar dhul chun cinn daltaí le himeacht ama agus chun eolas iomlán a dhéanamh don phróiseas foghlama. Áirítear an méid seo a leanas ar na modhanna measúnaithe neamhfhoirmiúla:

- Bileoga oibre agus obair ranga scríofa
- Ceisteanna agus freagraí sa rang
- Aistí agus tascanna
- Léamh & scríbhneoireacht sa rang
- Ceisteanna samplacha scrúdaithe
- Tionscnaimh
- Cur i láthair ó bhéal
- Obair bhaile – scríofa nó foghlamtha
- Comhráite neamhfhoirmiúla le daltaí aonair faoina gcuid foghlama agus a ndul chun cinn
- Aiseolas neamhfhoirmiúil i scríbhinn
- Dialanna na nDaltaí
- Cruinnithe Tuismitheoirí agus Múinteoirí
- Logaí foghlama daltaí, dialanna, machnaimh
- Tuairiscí deireadh ábhair/téarma/bliana

### **6.2 Measúnú Foirmiúil**

Seo roinnt de na cineálacha measúnuithe foirmiúla a dhéantar i dtimpeallacht na scoile:

#### **I. Tástáil Mhíosúil / Deireadh an Ábhair**

Is féidir na measúnuithe seo a dhéanamh ar bhonn míosúil nó deireadh caibidle má mheasann an múinteoir ábhair go bhfuil gá leo. Is cuid ríthábhachtach iad na trialacha foirmiúla seo maidir le haiseolas a thabhairt do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí, ar leibhéal gnóthachtála agus foghlama gach dalta san ábhar sin. Tabharfaidh múinteoirí aiseolas cuiditheach do dhaltaí a ghlacann páirt sna trialacha seo, agus úsáidfear torthaí na dtástálacha seo i struchtúr tuairiscithe foirmiúil na scoile nuair is cuí.

II. Scrúduithe Inmheánacha

Suífidh gach bliain ón 1ú - 6ú Scrúduithe Nollag go luath i mí na Nollag agus suífidh an 1ú, an 2ú agus an 5ú bliain a Scrúduithe Samhraidh ag deireadh mhí na Bealtaine. Is é cuspóir na scrúduithe seo foghlaim agus gnóthachtáil na ndaltaí i ngach réimse ábhair a thomhas, agus taithí a thabhairt do dhaltaí ar scrúduithe foirmiúla atá cosúil leis na scrúduithe stáit a dhéanamh. Leanfaidh gach scrúdú inmheánach na rialacha oibríochta céanna le scrúduithe stáit. Tabharfar tuairisc ar thorthaí na Scrúduithe Nollag agus na Scrúduithe Samhraidh seo i dTuairiscí na Nollag agus i dTuairiscí Samhraidh faoi seach. Tabharfar aird freisin ar mheasúnú leanúnach i roinnt réimsí ábhair roimh na scrúduithe seo i dTuairiscí na Nollag agus i dTuairiscí Samhraidh. Déanann daltaí Idirbhliana scrúduithe inmheánacha sa scoil. D'fhéadfadh a dtuairiscí Nollag agus samhraidh a bheith bunaithe freisin ar mheasúnuithe leanúnacha sa seomra ranga arna gcinneadh ag a múinteoir ábhair aonair. Toisc go bhfuil an Idirbhliain dírithe ar fhoghlaim ó thaithí agus ar fhorbairt phearsanta, féadfaidh na cineálacha measúnaithe a úsáidtear a bheith éagsúil leis na cleachtais chaighdeánacha a úsáidtear i mblianta eile.

III. Bréagscrúduithe

Tabharfaidh daltaí sa 3ú agus sa 6ú Bliain faoi Bhréagscrúduithe Réamh-Theastais Shóisearaigh agus Réamh-Ardteistiméireachta i mí Feabhra gach bliain chun iad a ullmhú dá scrúduithe stáit i mí an Mheithimh. Feictear go bhfuil na bréagscrúduithe seo an-tairbheach do na daltaí agus iad ag tomhas a ndul chun cinn i mbliain a Theastais Shóisearaigh agus i mbliain na hArdteiste. Gheobhaidh daltaí taithí luachmhar ar bhainistíocht ama agus ar theicníc freagartha trí na bréagscrúduithe seo a dhéanamh. Beidh torthaí na mbréagscrúduithe seo mar bhunús do Thuairiscí an Réamh-Theastais Shóisearaigh agus Réamh-Ardteistiméireachta a seoladh amach roimh Cháisc na bliana sin. Is féidir torthaí na mbréagscrúdaithe a úsáid chun daltaí agus a gcuid múinteoirí a threorú maidir le roghanna leibhéal do Scrúduithe Stáit. Ní dhéanann daltaí an 3ú Bliain agus an 6ú Bliain aon scrúduithe foirmiúla inmheánacha ag deireadh mhí na Bealtaine, agus ní fhaigheann siad Tuairisc Samhraidh.

IV. Scrúduithe Stáit

Táthar ag súil go nglacfaidh daltaí ón 3ú bliain agus ón 6ú Bliain páirt – faoi stiúir Choimisiún na Scrúduithe Stáit – sna measúnuithe a chuimsíonn an Teastas Sóisearach agus an Ardteist. Is i gcomhréir leis na rialacháin atá leagtha síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit a oibreofar na measúnachtaí seo a d'fhéadfadh scrúduithe ó bhéal, obair chúrsa, obair phraiticiúil, obair phunainne a bheith mar chuid acu, i measc nithe eile.

V. Measúnuithe Rangbhunaithe (CBA)

Scaiptear measúnú na Sraithe Sóisearaí nua thar an 2ú agus an 3ú Bliain den tSraith Shóisearach, rud a thugann deis do dhaltaí a gcuid foghlama a léiriú lasmuigh de halla an scrúdaithe. Tarlaíonn na CBAnna i dtreo dheireadh an dara bliain agus ó Shamhain go Feabhra sa Tríú Bliain. Tá gach CBA éagsúil óna chéile, ach díríonn siad ar obair thionscnaimh, cuir i láthair agus turgnaimh. Is cineál measúnaithe leanúnaigh iad. Tabharfar aitheantas do thorthaí na CBAnna ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (JCPA) oifigiúil gach dalta. Tabharfaidh múinteoirí ábhair míniú níos mionsonraithe ar na nósanna imeachta Measúnaithe Bunaithe do dhaltaí ranga. Ligfidh na CBAnna do gach dalta obair a dhéanamh thar thréimhse ama arna thacú leis an aiseolas óna múinteoirí agus ó dhaoine eile, ag cinntiú gur féidir leo an obair is fearr agus is féidir a dhéanamh. Déantar na CBAnna a thuairisciú trí úsáid a bhaint as na tuairisceoirí seo a leanas:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na hionchais
- Ag teacht leis na hionchais
- Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Tá sé tábhachtach go ndearbhaíonn múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí do gach dalta nach é an grád amháin atá tábhachtach ach an méid atá foghlamtha acu fúthu féin le linn an CBA chomh maith. Go háirithe, ba cheart dóibh machnamh a dhéanamh ar an mbealach ar chabhraigh a n-obair tionscnaimh nó a dturgnaimh leo páirt a ghlacadh san ábhar agus ar an mbealach a chuirfidh an t-aiseolas a fuair siad ar a gcumas tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh amach anseo.

#### VI. Tasc Measúnaithe

Déanfaidh daltaí Tasc Measúnaithe foirmiúil i scríbhinn a chuirfear faoi bhráid an SEC lena mharcáil in éineacht le scrúdú deiridh na Sraithe Sóisearaí. Nascann an Tasc Measúnaithe le tosaíochtaí an chur i láthair, a thugann an deis do mhic léinn a gcuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla san fhíorshaol agus a gcuid scileanna cumarsáide a fhorbairt. Eascraíonn an t-eolas agus na scileanna a d'fhorbair daltaí le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo as a bhfeasacht mhéadaitheach ar dhinimic na timpeallachta gnó. Déanfaidh an Tasc Measúnaithe measúnú ar na daltaí i ngnéithe dá gcuid foghlama, lena n-áirítear:

- a gcumas meastóireacht a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn le linn dóibh an cur i láthair a dhéanamh.
- a gcumas machnamh a dhéanamh ar na scileanna atá forbartha acu, agus iad a chur i bhfeidhm i gcásanna nach bhfuil taithí acu orthu.



- a gcumas machnamh a dhéanamh ar an mbealach a ndeachaigh eispéireas an chur i láthair i bhfeidhm ar a gcóras luacha.

## VII. Measúnuithe eile

Féadfaidh an scoil cineálacha eile measúnaithe a dhéanamh ó am go ham.

- Tástáil Cumais Chognaíocha 4 (CAT4) atá comhdhéanta de shraith tástálacha réasúnaíochta gearra a dhéanann measúnú ar chumais réasúnaíochta an dalta i réimsí tábhachtacha (An Chéad Bhliain agus an Idirbhliain).
- Tástáil Léitheoireachta Grúpa Nua (NGRT) a dhéanann measúnú ar aois léitheoireachta na ndaltaí atá ag teacht isteach (An Chéad Bhliain, an Dara Bliain agus an Tríú Bliain)
- Tástáil Litrithe Grúpa Nua (NGST) a dhéanann measúnú ar aois Litrithe na ndaltaí atá ag teacht isteach (An Chéad Bhliain, an Dara Bliain agus an Tríú Bliain)
- Tástáil Gnóthachtála Raon Leathan (WRAT 5) a dhéanann measúnú ar aitheantas léitheoireachta, litrithe agus ríomh uimhríochta (An Chéad Bhliain, an Dara Bliain agus an Tríú Bliain)
- Is sraith de thástálacha caighdeánaithe ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge í Tástáil Dhroim Conrach (Gaeilge) (An Chéad Bhliain, an Dara Bliain agus an Tríú Bliain)
- Féadfaidh síceolaí NEPS na scoile, i gcomhairle le bainistíocht na scoile agus le tuismitheoirí/caomhnóirí, measúnuithe síceolaíochta agus measúnuithe eile a dhéanamh ar dhaltaí ag amanna éagsúla i rith na bliana. Úsáidfear straitéisí ranga amhail measúnú difreáilte, teagasc foirne, teagasc duine le duine, áiseanna amhairc, tarscaoiltí litrithe, am méadaithe agus foclóirí eile. Is féidir leis an síceolaí ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) a shanntar do Ghaelcholáiste Comáin, i gcomhairle le bainistíocht na scoile, measúnuithe síceolaíochta agus measúnuithe eile a dhéanamh ar dhaltaí ag amanna éagsúla sa bhliain.
- Glacann daltaí páirt i measúnuithe chun críocha pleanála scoile nó féinmheastóireachta scoile (SSE). Uaireanta, tugtar cuireadh don scoil grúpaí daltaí a bheith páirteach i measúnú do staidéir náisiúnta nó idirnáisiúnta, i.e. PISA, etc. Tá rannpháirtíocht i staidéir den sórt sin ar aon dul leis an gcleachtas is fearr agus is bealach é, don scoil, rochtain a fháil ar shonraí úsáideacha a threoróidh pleanáil agus cleachtas.
- Is féidir measúnú ar líne a úsáid mar gheall ar imthosca gan choinne a mbeadh dúnadh na scoile i gceist leis.

## 7 Tuairisceoirí Tuairiscithe do Chláir



Tuairisceoirí Tuairiscithe don tSraith Shóisearach

Tuairisceoirí grád ábhair na Sraithe Nua Sóisearaí	
Gradam	> 90 to 100
Arduillteanas	> 75 and < 90
Tuillteanas	> 55 and < 75
Gnóthaithe	> 40 and < 55
Gnóthaithe go páirteach	> 20 and < 40
Neamhgrádaithe (NG)	> 0 and < 20

Tuairisceoirí Tuairiscithe do CBAnna na Sraithe Sóisearaí

Tuairisceoirí Measúnaithe Seomra Ranga
Thar barr ar fad
Os cionn na n-ionchas
Ag teacht leis na hionchais
Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Tuairisceoirí Tuairiscithe don Ardeistiméireacht



**8 Dualgas na múinteoirí**

- De réir an Achta Oideachais tá sé de dhualgas ar gach múinteoir daltaí a mheas go rialta agus torthaí na meastóireachta a thuairisciú go tréimhsiúil do na daltaí agus dá dtuismitheoirí.
- Leagann Gaelcholáiste Comáin amach scéim bhliantúil do scrúduithe inmheánacha agus cuirtear an plean seo ar fáil do mhic léinn agus do thuismitheoirí.
- Pléitear an scéim scrúduithe inmheánacha go rialta ag cruinnithe foirne agus athbhreithnítear í dá réir sin.
- Cuirtear tuairiscí scríofa ar fáil do thuismitheoirí ar dhul chun cinn a leanbh le haghaidh tástálacha Nollag, tástálacha samhraidh, tástálacha míosúla agus tástálacha ar líne, le grád agus ráiteas i scríbhinn maidir lena d(h)ul chun cinn i ngach ábhar. Is féidir an grád seo a bhunú ar mheasúnú scríofa/béil/praiticiúil.
- Ina theannta sin, déantar an measúnú chun foghlama ar obair scríofa agus labhartha na ndaltaí i ngach réimse ábhair ar bhonn rialta ar bhonn leanúnach mar chuid den Phlean Féinmheastóireachta Scoile.
- Tugtar scrúdú caighdeánaithe do gach dalta sa 1ú/2ú/3ú bliain le déanamh ag tús na scoilbhliana chun deacrachtaí foghlama ar bith a aithint agus chun plean oideachais aonair a fhorbairt d'aon mhac léinn dá leithéid. [Féach an Beartas maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais]

## **9 Rialacha agus Treoirínte do na Daltaí**

Tá sé tábhachtach go gcomhlíonfadh daltaí na rialacha agus na treoirínte atá leagtha síos leis seo d'fhonn dea-ord a chinntiú maidir le scrúduithe a reáchtáil chun cabhrú le daltaí a n-acmhainn acadúil a bhaint amach; Ní amháin i scrúduithe stáit ach i scrúduithe inmheánacha freisin.

### **9.1 Scrúduithe Inmheánacha:**

Táthar ag súil go nglacfaidh agus go gcloífidh na daltaí leis na rialacha seo a leanas le linn scrúduithe inmheánacha.

1. Ní mór do na daltaí a bheith in am agus a bheith eagraithe do gach scrúdú.
2. Ní cheadaítear bia ná deoch sna seomraí scrúdaithe.
3. Ní cheadaítear málaí scoile sna seomraí scrúdaithe.
4. Ní cheadófar do mhic léinn dul chuig an leithreas le linn an scrúdaithe, ach amháin i gcás gearán leighis, a dheimhneofar le teastas dochtúra.
5. Má fhaightear dalta ag labhairt le linn an scrúdaithe, déanfaidh an múinteoir maoirseachta nóta de ar pháipéar scrúdaithe an dalta agus bainfidh an múinteoir ábhair 5% de thoradh an dalta sin.
6. Beidh cead ag daltaí chéad bhliana foclóir Gaeilge/Béarla a úsáid i scrúduithe (cé is moite d'ábhair teanga)
7. Ceadófar do dhaltaí atá ag teacht ó bhunscoileanna Béarla foclóirí Gaeilge/Béarla a úsáid sa chéad bhliain agus sa dara bliain más mian leo (seachas in ábhair teanga).

8. Má tá dalta as láthair le haghaidh scrúdaithe táthar ag súil go gcuirfidh na tuismitheoirí an scoil ar an eolas agus go mbeidh ar an dalta an scrúdú a dhéanamh ag am oiriúnach eile don scoil/dalta.
9. Cuirfear tuarascálacha abhaile ar an bpost, nó ar ríomhphost.
10. Moltar do thuismitheoirí an tuarascáil seo a phlé go mion lena leanbh gach uair.
12. Tugtar an rogha do dhaltá sa bhliain 3/4/5/6 freastal ar chruinniú tuismitheora/múinteora lena dtuismitheoirí chun a dtuairisc agus a ndul chun cinn a phlé.

## 9.2 Rialacha Scrúdaithe Stáit:

Táthar ag súil go nglacfaidh agus go gcloífidh na daltaí leis na rialacha seo a leanas le linn scrúduithe stáit.

1. Déanfaidh daltaí a gcuid scrúduithe go léir trí Ghaeilge ach amháin i gcás an Bhéarla. (Mar sin féin tá sé de cheart ag an dalta an Páipéar Scrúdaithe a iarraidh trí Bhéarla más mian leis).
2. Caithfear éide scoile a chaitheamh gach lá le linn na tréimhse scrúdaithe. (Teastas Sóisearach).
3. Moltar do dhaltá atá ag siúl nó ag rothaíocht ar scoil seaicéad báistí a chaitheamh ar eagla go bhfluichfaí iad.
4. Moltar go láidir go bhfanfadh daltaí san ionad scrúduithe go dtí go mbeadh an scrúdú críochnaithe, chun a chinntiú go ndéanfaidh gach dalta a ndícheall.
5. Ní fhéadfaidh daltaí an scoil a fhágáil le linn na scrúduithe gan cead i scríbhinn a fháil ó tuismitheoir. (Faoi 18 mbliana).
6. Ní féidir leis an scoil maoirseacht a sholáthar le linn na scrúduithe stáit. Táthar ag súil go dtaispeánfaidh daltaí dea-iompar freagrach agus má fhágann dalta talamh na scoile beidh an fhreagracht ar na tuismitheoirí/caomhnóirí.
7. Caithfidh daltaí freastal ar an scoil leathuair an chloig roimh a gcéad scrúdú agus ansin cúig nóiméad déag roimh aon scrúduithe ina dhiaidh sin.
8. Teastaíonn nóta ó na tuismitheoirí a bhfuil ainm agus uimhir scrúdaithe an dalta orthu le haghaidh athrú ar leibhéal an ábhair e.g. ó ardleibhéal go gnáthleibhéal. (Teastas Sóisearach).
9. Ba chóir do dhaltá a n-uimhir scrúdaithe a úsáid ar gach doiciméad a bhaineann leis na scrúduithe, seachas a n-ainm.
10. Ní cheadaítear do dhaltá aon leabhair/nótaí/ foclóirí/fón póca/páipéar a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe leo. (Caithfidh daltaí treoirlínte atá leagtha amach ag an gCoimisiún Scrúdaithe Stáit a leanúint)
11. Ní fhéadfaidh daltaí cumarsáid a dhéanamh lena chéile le linn scrúduithe. Ba chóir dóibh a lámh a chur suas chun cúnamh a iarraidh ón bhfeitheoir más gá.
12. Táthar ag súil go mbeidh gach dalta ullmhaithe go maith do na scrúduithe le pinn, pinn luaidhe, pinn luaidhe dathúcháin, scriosán, rialóir, aibhsitheoir, áireamhán agus tacar matamaitice.
13. Ní cheadófar ábhair a roinnt.
14. Tá cosc ar airgead nó aon ábhar breise eile a chur isteach leis an bpáipéar scrúdaithe.
15. Mínítear an Beartas Scrúdaithe Stáit do na daltaí sula ndéanann siad na scrúduithe stáit.
16. Ní mór do gach dalta cloí le rialacha agus rialacháin a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit gach bliain.

**10 Gluais Téarmaí**

Measúnú	Is éard atá i gceist le measúnú ná fianaise ar fhoghlaim daoine aonair, grúpaí nó córais a ghiniúint, a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Cuireann measúnú oideachais faisnéis ar fáil faoi dhul chun cinn san fhoghlaim, agus faoi ghnóthachtáil maidir le scileanna, eolas, iompraíochtaí agus dearchtaí a fhorbairt.
Tasc Measúnaithe	Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a chuireann daltaí i gcrích le linn am ranga, agus seoltar é chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Tá an Tasc Measúnaithe sonraithe ag an NCCA agus baineann sé le torthaí foghlama an Dara Measúnú Rangbhunaithe. Tabharfaidh na Treoirínte do Mheasúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe do gach ábhar na sonraí go léir is gá agus tá siad ar fáil freisin sa tSraith Straitéisí Measúnaithe.
Modh Measúnaithe	Is téarma é seo a chuimsíonn na straitéisí agus na teicnící éagsúla is féidir a úsáid chun faisnéis a bhailiú ó mhic léinn faoina ndul chun cinn i dtreo an t-eolas, na scileanna agus na dearchtaí atá le foghlaim a bhaint amach. Ba cheart go gceadódh an modh measúnaithe a roghnófar fianaise a ghiniúint agus aiseolas tráthúil a sholáthar d'fhonn cinntí teagaisc iomchuí a dhéanamh agus foghlaim na ndaltaí a fheabhsú.
Foghlaim Chumaisc	Tagraíonn sé seo don chleachtas eispéiris foghlama ar líne agus eispéiris foghlama fíor-ama araon a úsáid agus dalta á múineadh. Leis an meascán seo de sheachadadh ábhair, ligtear don dá mhodh tacú lena chéile agus a chéile a chomhlánú agus an próiseas foghlama a phearsanú. Is féidir 'foghlaim hibrideach' nó 'foghlaim mód measctha' a thabhairt air seo freisin.
Measúnú Rangbhunaithe (CBA)	Tugann Measúnuithe Rangbhunaithe in ábhair agus gearrchúrsaí deiseanna do mhic léinn a dtuiscint agus a gcuid scileanna a thaispeáint ar bhealaí nach féidir a dhéanamh i scrúdú foirmiúil. Déanann daltaí Measúnuithe Rangbhunaithe, arna n-éascú ag an múinteoir ranga, i dtréimhse ama sainithe, laistigh d'am teagmhála ranga agus de réir amchláir náisiúnta. (Clliceáil 'ábhair' ar thaobh na láimhe clé chun tuilleadh faisnéise a bhaineann go sonrach le hábhair).

Measúnú Diagnóiseach	Is cineál measúnaithe é seo atá beartaithe chun láidreachtaí agus/nó réimsí riachtanas dalta a dhiagnóisiú roimh ghníomhaíocht foghlama. Ligeann sé na hidirghabhálacha agus na cuir chuige oideolaíocha iomchuí a shainnithint agus a sholáthar atá riachtanach chun an fhoghlaim a scafall chun freastal ar riachtanais foghlama aonair na ndaltaí.
Treoir Dhifreáilte	Tagraíonn treoir dhifreáilte don réimse leathan straitéisí, teicnící agus cur chuige a úsáidtear chun tacú le foghlaim na ndaltaí agus chun cabhrú le gach dalta a c(h)umas a bhaint amach.
Samplaí d'obair mhic léinn	Foilsítear samplaí anótáilte d'obair bharántúil daltaí ar líne chun leibhéal gnóthachtáil a léiriú maidir le gnéithe cáilíochta. Forbraítear iad ionas gur féidir le múinteoirí, tuismitheoirí, daltaí agus páirtithe leasmhara eile eolas a chur ar leibhéal ghnóthachtála.

Ionchais d'Fhoghlaiméirí/Daltaí	Scáth-théarma a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte d'obair na ndaltaí agus a léiríonn a mhéid atá na torthaí foghlama á mbaint amach.
Gnéithe Cáilíochta	Gnéithe cáilíochta is ea na ráitis sna sonraíochtaí gearrchúrsa/ábhair a thacaíonn le múinteoirí breithiúnais a dhéanamh faoi chaighdeán obair na ndaltaí chun gráid ghnóthachtála a dhámhachtain le haghaidh deimhniúcháin. Toisc go bhfuil dlúthnasc idir critéir rathúlachta agus cuspóirí foghlama agus iad bunaithe ar na próisis laethúla sa seomra ranga, de réir a chéile tiocfaidh foghlaim na ndaltaí chun na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear chun críocha measúnaithe agus tuairiscithe a léiriú.
Measúnú Foirmitheach	Bíonn an measúnú foirmitheach nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis foghlama, agus nuair a úsáidtear iad chun an teagasc a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na ndaltaí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus do mhic léinn faisnéis a bhailiú faoi dhul chun cinn na ndaltaí agus athruithe a mholadh ar chur chuige an mhúinteora i leith teagaisc agus ar chur chuige an mhic léinn i leith na foghlama. Clúdaíonn an measúnú don fhoghlaim gach gné den mheasúnú foirmitheach ach dírithear go háirithe ar ról gníomhach a bheith ag an dalta ina c(h)uid foghlama.
Pleananna Oideachais Aonair	Pleananna a forbraítear i scoileanna a thugann mionsonraí ar na cuir chuige teagaisc agus foghlama atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus mianta ar leith dalta aonair.

Próifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí	Is é an JCPA an dámhachtain a gheobhaidh daltaí ag deireadh a dtimthriall sóisearaí. Tabharfaidh an dámhachtain luach saothair do ghnóthachtáil thar gach réimse foghlama agus measúnaithe lena n-áirítear measúnú foirmitheach leanúnach; Measúnuithe Rangbhunaithe; agus gráid SEC, a chuimsíonn torthaí ó na scrúduithe deiridh agus na Tascanna Measúnaithe.
Cuspóir Foghlama	Is éard atá i gceist le cuspóir foghlama do cheacht nó do shraith ceachtanna ná ráiteas, a chruthaíonn an múinteoir, a chuireann síos go soiléir ar a bhfuil an múinteoir ag iarraidh na daltaí a bheith ar eolas acu, a thuiscint agus in ann a dhéanamh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.
Toradh Foghlama	Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba cheart go mbeadh daltaí in ann a léiriú tar éis tréimhse foghlama.
Modhnóireacht	Is próiseas comhoibritheach í an mhodhnóireacht a chuireann ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach ina mbreithiúnais ar obair dhalta i gcoinne critéar rathúlachta comhaontaithe nó gnéithe cáilíochta. Sa phróiseas modhnóireachta bíonn múinteoirí ag plé na gcáilíochtaí a léirítear i samplaí d'obair na ndaltaí chun teacht ar chomhaontú faoi chaighdeán na hoibre sin.
Measúnú Leanúnach	Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, bíonn daltaí i mbun gníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht de réir mar a dhéanann daltaí tascanna, trí bhreathnú ar a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trí bhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad agus a chuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an fhaisnéis mheasúnaithe seo chun cabhrú le daltaí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Go tréimhsiúil, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha, níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na ndaltaí d'fhonn cinn a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus tuairisciú ar dhul chun cinn. D'fhéadfadh sé seo na daltaí a chur i mbun tionscnaimh, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó tástálacha agus d'fhéadfadh sé tarlú ag pointí sainithe i bhféilire na scoile.
Piarmheasúnú	Is é atá sa phiarmheasúnú ná measúnú ar obair daoine eile ar stádas comhionann. I gcomhthéacs fhoghlaim na ndaltaí, úsáideann daltaí piarmheasúnú chun luach obair dhaltaí eile a mheas ag tagairt do chritéir shonracha agus chomhaontaithe.



Iontaofacht	Is é seo an dóchúlacht go bhfaighfí an toradh céanna dá ndéanfaí an measúnú arís. Ciallaíonn iontaofacht sa mheasúnú go gcuirtear fianaise agus faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil maidir le feidhmíocht dalta agus go bhfuil sé inchomparáide (i.e. seasann sé i gcomparáid le breithiúnais ar fud foghlaimoírí, ranna agus scoileanna).
Tuairisciú	Faisnéis a chur in iúl ar thorthaí an mheasúnaithe ar ghnóthachtáil dhalta.
Féinmheasúnú	Is éard atá i bhféinmheasúnú ná rannpháirtíocht na ndaltaí i mbreithiúnais a dhéanamh ar a gcuid oibre féin, bunaithe ar ghnéithe cáilíochta. Is tomhas é ar a mhéid a chomhlíon a gcuid oibre féin na gnéithe cáilíochta sin.
Sonraíocht	Sonraíonn sonraíocht ábhair nó gearrchúrsa na torthaí foghlama atá beartaithe, agus conas is féidir iad a bhaint amach agus a thaispeáint. Tugann an tsonraíocht léargas ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim in aon ábhar nó gearrchúrsa nasctha le ráitis áirithe foghlama agus príomhscileanna.
Tástáil Chaigndeánaithe	Is tástáil í seo a thugtar ar bhealach comhsheasmhach do na daoine a ghlacann tástáil agus a úsáideann nósanna imeachta aonfhoirmeacha le haghaidh riaracháin agus scórála. Tá baint ag an téarma seo go príomha le tástálacha ar mhórsála a thugtar do dhaonraí móra daltaí, agus ceadaíonn sé comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht choibhneasta dalta aonair nó grúpaí daltaí. Soláthróidh na tástálacha seo táscaire breise ar dhul chun cinn na ndaltaí agus ceaptar iad chun breithiúnas gairmiúil an mhúinteora a fhorlíonadh agus gan é a athsholáthar.
Cruinniú um Measúnú agus Athbhreithniú ar Foghlaim Ábhar (SLAR)	Tar éis dóibh Measúnú Rangbhunaithe a chríochnú, rachaidh múinteoirí i mbun cruinnithe athbhreithnithe, áit a ndéanfaidh siad samplaí dá measúnuithe ar obair na ndaltaí a roinnt agus a phlé agus comhthuisctint a chothú faoi cháilíocht foghlaim na ndaltaí.
Critéir Rathúlachta	Tá critéir rathúlachta nasctha le cuspóirí foghlama. Forbraíonn an múinteoir agus/nó an dalta iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma atá ar an rath. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an dalta breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht foghlaim na ndaltaí.
Measúnú Suimitheach	Tá an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun foghlaim na ndaltaí a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó i dtréimhse foghlama. Is é an aidhm ná achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtálacha na ndaltaí agus a chinneadh an bhfuil tuiscint ar an bhfoghlaim sin léirithe ag na daltaí agus a mhéid a rinne sí é

Beartas Measúnaithe

	a chur i gcomparáid le critéir rathúlachta comhaontaithe nó gnéithe cáilíochta.
Bailíocht	Is é seo an méid a thomhaiseann ionstraim measúnaithe go cruinn an méid a dearadh í a thomhas.

**Glactha agus faofa ag an mBord Bainistíochta ar an 12/10/2021**